Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta
An Cathaoirleach

25.2.2026

An tUas. Johan Van Overtveldt
Cathaoirleach
An Coiste um Buiséid
AN BHRUISÉIL

Ábhar: Tuairim maidir le Slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón mBeilg - EGF/2025/004 BE/Tupperware (2026/0004(BUD))

A Chathaoirligh, a chara,

Faoin nós imeachta dá dtagraítear thuas, tá iarrtha ar an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta tuairim a chur faoi bhráid do choiste agus chinn sé an tuairim a sheoladh i bhfoirm litreach.

Rinne an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta breithniú ar an ábhar ag an gcruinniú a bhí aige an 25 Feabhra 2026. Ag an gcruinniú sin, chinn sé an tuairim a leagtar amach thíos a chur faoi bhráid an Choiste um Buiséid, mar an coiste atá freagrach.

Is mise, le meas,

Li Andersson

TUAIRIM

A. De bhrí gur thíolaic an Bheilg iarratas EGF/2025/004 BE/Tupperware an 28 Lúnasa 2025, d'fhonn ranníocaíocht airgeadais a fháil ón Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED), i ndiaidh iomarcaíochtaí in Tupperware General Services NV sa Bheilg, ag oibriú san earnáil eacnamaíoch arna rangú faoi NACE Athbhreithniú 2, Rannán 22 (Monarú táirgí rubair agus plaisteacha), áit a bhfuil na hiomarcaíochtaí suite sa réigiún NUTS 2 de Provincie Oost-Vlaanderen (Flóndras Thoir) (BE23);

B. De bhrí gur chuir an Bheilg an t-iarratas isteach faoi na critéir idirghabhála in Airteagal 4(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/691, lena gceanglaítear go scoirfí de ghníomhaíocht 200 oibrí iomarcacha ar a laghad, thar thréimhse thagartha 4 mhí (sa chás seo ón 17 Feabhra 2025 go dtí an 17 Meitheamh 2025) i bhfiontar i mBallstát, lena n-áirítear oibrithe a cuireadh ar iomarcaíocht i soláthraithe agus i dtáirgeoirí iartheachtacha, agus/ nó daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht; de bhrí, tar éis measúnú a dhéanamh ar an iarratas sin, gur tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, i gcomhréir leis na forálacha uile is infheidhme de Rialachán CED, go gcomhlíontar na coinníollacha chun ranníocaíocht airgeadais a dhámhachtain ó CED;

C. De bhrí go mbaineann an t-iarratas le 267 n-oibrí iomarcacha (tairbhithe incháilithe) a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht sna hearnálacha eacnamaíocha a léirítear thuas;

D. De bhrí, an 20 Eanáir 2026, gur ghlac an Coimisiún togra le haghaidh cinneadh maidir leis an CED a shlógadh i bhfabhar na Beilge chun tacú le athimeascadh 267 thairbhí spriocdhírithe sa mhargadh saothair;

E. De bhrí go ndearna an chorparáid Mheiriceánach Tupperware Brands, arb í máthairchuideachta Tupperware Belgium í, na ceadúnais mhonaraíochta agus díolacháin a deonaíodh do Tupperware General Services NV a chúlghairm gan choinne, rud a d'fhág go raibh an fhochuideachta Bheilgeach de Tupperware neamh-inmharthana ó thaobh airgeadais de agus a bhí mar chúis lena féimheacht an 17 Feabhra 2025; de bhrí gur ghlac creidiúnaithe seilbh ar Tupperware Brands i mí Dheireadh Fómhair 2024, bhí athstruchtúrú mór ann dá thoradh sin, agus tharraing an chuideachta siar ó roinnt margaí nach croímhargaí iad agus dúnadh saoráidí, amhail na gléasraí Eorpacha;

F. De bhrí go bhfuil méadú ag teacht ar fhéimheachtaí sa Bheilg ó bhí 2022 ann; de bhrí, in 2024, go ndearnadh níos mó ná 11 000 fiontar a dhearbhú ina bhféimhigh (6 323 fhiontar i bhFlóndras), an líon is airde ó bhí 2013 ann; de bhrí go bhfuil an treocht sin fós ann, i gcás gur breithníodh 8 493 fhiontar ina bhféimhigh idir mí Eanáir agus mí Mheán Fómhair 2025, agus 4 964 nó 58 % díobh sin i bhFlóndras; de bhrí, de dheasca féimheachtaí, gur cailleadh 32 566 phost sa Bheilg in 2024 agus 15 351 phost sa chéad leath de 2025, agus gurbh ionann na caillteanais post i bhFlóndras agus 59 % agus 51 % faoi seach díobh sin; de bhrí gur tharla thart ar 18 % de na caillteanais post sa tionscal; de bhrí, thairis sin, go bhfuil na teagmhais athstruchtúrúcháin a tharla le déanaí amhail na hiomarcaíochtaí in Van Hool, Sappi agus Purmo, BelGaN, Casa agus Audi, ar teagmhais iad a ndearna an Bheilg iarratas ar thacaíocht CED ina leith, go bhfuil siad ag

dul i gcion ar mhargadh saothair Fhlóndras: de bhrí go bhfuil laghdú tagtha ar fholúntais post sa tionscal;

G. De bhrí go raibh Tupperware in Aalst, ceann de na sé cheantar riaracháin i gCúige Fhlóndras Thoir; de bhrí gur tháinig laghdú 13.8% ar an líon folúntas a tuairiscíodh do na seirbhísí poiblí fostaíochta i bhFlóndras Thoir bliain ar bhliain i mí Bealtaine 2025; de bhrí, thairis sin, sular dúnadh Tupperware, go raibh Aalst ag streachailt cheana féin agus an ráta fostaíochta is ísle i bhFlóndras aige, eadhon 53,82 %, atá 20 pointe céatadáin níos ísle ná meánráta fostaíochta Fhlóndras (74,1 %); de bhrí go bhfuil an ráta dífhostaíochta i bhFlóndras thart ar 3,8 %; de bhrí, mar sin féin, go n-ardaíonn sé go 8,8 % (+ 5 phointe céatadáin) i measc daoine a bhfuil leibhéil ísle oideachais acu; de bhrí, ós rud é go bhfuil leibhéal íseal oideachais ag duine as gach triúr iar-oibrithe Tupperware, go bhfuil gá le tacaíocht shonrach atá saincheaptha do na próifílí sin chun cuidiú leis na hoibrithe a n-easnaimh a shárú agus poist nua a aimsiú;

H. De bhrí gur chuir an Bheilg in iúl gur tarraingíodh suas an pacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta, i gcomhlíonadh Airteagal 7(4) de Rialachán CED;

I. De bhrí nach sáróidh CED uasmhéid bliantúil de EUR 30 mhilliún (i bpraghsanna 2018), mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027;

Dá bhrí sin, iarrann an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta ar an gCoiste um Buiséid, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a chomhtháthú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. Ag meabhrú gurb é cuspóir CED dlúthpháirtíocht le tairbhithe a léiriú agus tacú leo; á mheas gur cheart ranníocaíochtaí airgeadais ó CED a dhíriú go príomha ar bhearta gníomhacha beartais an mhargaidh saothair agus ar sheirbhísí pearsantaithe arb é is aidhm dóibh tairbhithe a lánpháirtiú go mear i bhfostaíocht atá cuibhiúil agus inbhuanaithe laistigh dá n-earnáil gníomhaíochta tosaigh nó lasmuigh di; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé oibrithe a ullmhú agus tacú leo in aistrithe glasa agus digiteacha gheilleagar agus shochaí na hEorpa, arb aistrithe iad a bhfuil géarghá leo; ag athdhearbhú, sa chomhthéacs sin, an róil thábhachtaigh atá ag an Aontas, lena n-áirítear trí CED, i rannchuidiú le maoiniú na gcáilíochtaí is gá don aistriú cóir i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip;

2. ag aontú leis an gCoimisiún go bhfuil na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 4(2), pointe (a), de Rialachán CED comhlíonta agus go bhfuil an Bheilg i dteideal EUR 1 622 650 de ranníocaíocht airgeadais a fháil faoin Rialachán sin, arb ionann í agus 85 % den chostas iomlán de EUR 1 909 000, a chuimsíonn EUR 1 843 500 de chaiteachas ar sheirbhísí pearsantaithe agus EUR 65 500 de chaiteachas ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe;

3. ag tabhairt dá haire gur thug an Bheilg na dearbhuithe uile is gá gur comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos i reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais maidir le comhiomarcaíochtaí agus go n-urramófar prionsabail na córa comhionainne agus an

neamh-idirdhealaithe maidir le rochtain ar na bearta beartaithe agus maidir lena gcur chun feidhme;

4. Ag meabhrú phróifíl na n-oibrithe iomarcacha, le níos mó ná a leath de na hoibrithe ar briseadh as a bpost iad os cionn 50 bliain d'aois agus oideachas meánscoile ag duine as gach triúr, agus á mheas, mar aon leis an treocht anuas i bhfolúntais agus a dháileadh geografach, go mbeidh tacaíocht shaincheaptha bhreise de dhíth ar na hoibrithe, go háirithe cúnamh spriocdhírithe lena ndírítear ar uas-sciliú agus ar athoiliúint, chun cabhrú leo an t-aistriú chuig an bhfostaíocht a dhéanamh go rathúil;

5. Á chur i bhfáth gur dheimhnigh an Bheilg nach bhfaighidh na bearta arna dtacú le CED aon ranníocaíochtaí airgeadais ó ionstraimí airgeadais eile de chuid an Aontais;

6. Ag tabhairt dá haire go bhfuil na bearta seo a leanas sa phacáiste comhordaithe pearsantaithe atá le soláthar d'oibrithe iomarcacha: (a) tascfhórsa (seisiúin faisnéise a eagróidh bainisteoirí cuntas a bhfuil saineolas acu ar an margadh saothair áitiúil, agus sainchomhairleoirí a bhfuil taithí acu ar threoraíocht a thabhairt i bpróisis iomarcaíochtaí comhchoiteanna), (b) Socrúchán seachtrach (seirbhísí socrúcháin sheachtraigh a chuirfear ar fáil i seisiúin ghrúpa nó i seisiúin aonair, agallamh tosaigh agus treoraíocht aonair, deimhniú na scileanna a fuarthas, treoraíocht maidir le húsáid a bhaint as ardán digiteach chun post a chuardach, etc.; cuirfear oiliúint bhunúsach agus tacaíocht bhreise ar fáil dóibh siúd a bhfuil oiliúint TFC de dhíth orthu, trí bhíthin Digibanks, áit ar féidir leis na hoibrithe ríomhaire glúine a fháil ar iasacht, oiliúint a fháil maidir le conas é a úsáid, etc.), (c) cúnamh chun post a aimsiú, (d) treoir, (e) cúnamh treisithe cuardaigh poist, (f) oiliúint agus athoiliúint:, (g) oiliúint san ionad oibre, (h) aonach fostaíochta, (i) scabhtáil fostaíochta agus meaitseáil poist; á chur i bhfáth, i bhfianaise aois agus phróifíl oideachais na dtairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu, gur cheart riachtanais shonracha na ngrúpaí sin a chur i gcuntas agus seirbhísí pearsantaithe á soláthar;

7. á chur i bhfáth go háirithe a thábhachtaí atá Airteagal 7.2 de Rialachán CED, a cheanglaíonn go mbeidh pacáiste comhordaithe ann chun na peirspictíochtaí agus na scileanna riachtanacha sa mhargadh saothair amach anseo a réamh-mheas, ar nithe iad atá i gcomhréir leis an aistriú i dtreo geilleagar atá inbhuanaithe agus éifeachtúil ó thaobh acmhainní de agus fócas áirithe ann ar leathadh na scileanna is gá sa ré dhigiteach thionsclaíoch; á chur in iúl gur geal léi go dtugtar tacaíocht, trí oiliúint TFC agus tacaíocht bhreise an phacáiste dá bhforáiltear laistigh de na seirbhísí socrúcháin sheachtraigh, do dhaoine nach bhfuil aon chur amach acu ar ríomhairí, agus do dhaoine a bhfuil roinnt scileanna digiteacha acu, ar taca léi measúnú ar scileanna digiteacha agus forálacha d'oibrithe chun ríomhaire glúine a fháil ar iasacht, oiliúint a fháil maidir lena úsáid agus freagraí a fháil ar a gcuid ceisteanna digiteacha;

8. ag meabhrú go bhféadfar bearta speisialta a bhfuil teorainn ama leo a áireamh sa phacáiste comhordaithe lena n-áirítear, *inter alia*, liúntais cúraim leanaí a íoc, mar a fhoráiltear in Airteagal 7.2, pointe b, de Rialachán CED, chun rannpháirtíocht cuardaitheoirí poist sna gníomhaíochtaí atá beartaithe a éascú.